C/2025/4070

17.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12042 — DSBJ / GMD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4070)

1. An 9 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— DSBJ PTE. LTD. ('DSBJ'), faoi úinéireacht iomlán Suzhou Dongshan Precision Manufacturing Co., Ltd. ('SDPM', iad araon sa tSín),

— Groupe Mécanique Découpage S.A. ('GMD', An Fhrainc).

Gheobhaidh DSBJ rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar GMD ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá DSBJ gníomhach i réimse leathan earnálacha, lena n-áirítear táirgí sláinteachais agus soláthairtí leighis agus trealamh cosanta pearsanta indiúscartha, táirgeadh agus díolacháin táirgí leictreonacha agus taighde maidir le teicneolaíocht an tionscail ghrianfhuinnimh. San earnáil mótarfheithiclí, is é atá i bpríomhghnó DSBJ cláir ciorcad priontáilte, comhpháirteanna beachtais, modúil painéil tadhaill agus táirgí gairis LED a mhonarú,

— Is monaróir comhpháirteanna mótarfheithiclí é GMD a oibríonn faoi thrí líne ghnó: (i) an 'Rannán Stampála', a dhearann agus a tháirgeann páirteanna gluaisteán teicniúla agus casta, agus a dhéanann cóimeáil (i.e., dearbhú, seamú agus táthú láimhe), (ii) an 'Rannán Teilgthe', arb é an speisialtóireacht atá aige dearadh, forbairt agus táirgeadh srathach de pháirteanna dísletheilgthe ardbhrú alúmanaim teicniúla le haghaidh an mhargaidh gluaisteán agus trucailí, agus (iii) an 'Rannán Plaisteach & Leathair', a dhéanann speisialtóireacht i bhforbairt agus i dtáirgeadh modúl agus comhpháirteanna le haghaidh cóiriú inmheánach agus seachtrach feithicle (plaisteach agus leathar).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12042 — DSBJ / GMD

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË